# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

20 Lúnasa 2020

## SCÉIM OILIÚNA SNA MEÁIN

Tá Údarás na Gaeltachta agus TG4 ag comhoibriú le comhlachtaí léiriúcháin teilifíse le scileanna agus talann nua a fhorbairt san earnáil. Tá maoiniú de €320,000 á chur ar fáil ina leith. Caithfear cuid den airgead ar scéim do dhaoine atá ag feidhmiú sa tionscal cheana féin agus caithfear cuid eile ar scéim a thacaíonn le daoine atá díreach ag tosú sa tionscal agus atá ag iarraidh scileanna nua a fhoghlaim. Tá tuilleadh eolais le fáil agus foirmeacha iarratais le híoslódáil ar líne ag www.tg4.ie/oiliuint nó @udaras.ie




## CEILIÚRADH GAELTACHT X

Tá **RTÉ 2fm agus Raidió Rí-Rá** ag teacht le chéile ar an Déardaoin 20 Lúnasa @ 7i.n. le ceiliúradh a dhéanamh ar **Gaeltacht X** agus deireadh an tsamhraidh. Beidh aíonna speisialta ann agus fógrófar buaiteoir an chomórtais amhrán tí freisin! Beidh an ócáid ar siúl ar FB agus Instagram Gaeltacht X.





## DIOPLÓMA SA CHULTÚR DÚCHAIS

Tá cúrsa páirtaimseartha - Dioplóma sa Chultúr Dúchais – á reáchtáil ag Acadamh na hOllscolaíochta Éireann. Beidh an cúrsa dírithe ar dhaoine a bhfuil spéis acu i gcultúr dúchais agus i mbéaloideas na hÉireann. Is é aidhm an chúrsa eolas a roinnt le rannpháirtithe le go bhfaighidh siad léargas ar shaibhreas an chultúir sin. I measc na n-ábhar a chlúdaítear tá: deasghnátha, nósanna agus tuiscintí traidisiúnta an Bhéaloidis agus na hEalaíona Dúchais: amhránaíocht, ceol & damhsa. Cuirtear an cúrsa ar fáil ar an idirlíon den chuid is mó, ar bhealach a thabharfaidh deis do rannpháirtithe tabhairt faoi ina n-am féin. Tá gach eolas faoi tháille an chúrsa le fáil ó Dhónal Ó Droighneáin, ag donal.odroighneain@oegaillimh.ie nó is féidir glaoch a chur ar: 091 494 629 le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcúrsa.

## CÚLA4 AR SCOIL

Ní fada anois go mbeidh an dara sraith de '**Cúla4ArScoil**' ar an scáileáin, a chairde! Beidh an sraith roinnte suas ar seisear múinteoirí, Síle Ní Chonghaile, Micheál Ó Dubhghaill, Caitríona Ní Chualáin, Orla Ní Fhinneadha, Joe Ó hEachteirn agus Caitríona McAtee. Go n-éirí go geal leo – tá muid ag súil leis!



## ÉACHTAÍ BHRIAIN!

Comhghairdeachas ó chroí le Brian Ó Finneadha as Baile Liam sa Spidéal a chaith naoi lá ar thuras rothaíochta 1,300 ciliméadar go príomhchathair na Fraince in ómós dá athair Briain, nach maireann. Shocraigh Brian tabhairt faoin togra seo le hairgead a bhailiú don chumann carthanachta '**Croí**'. Cailleadh a athair féin Brian, anuraidh, de thoradh taom croí. D'fhág Brian Baile Liam, chuaigh sé as Baile Átha Cliath go dtí an Bhreatain Bheag ar bhád síos leis tré Shasana agus shroich sé An Túr Eiffel i bPáras ar an Luan 10 Lúnasa thart ar a seacht an chlog.
Trí mhí a chaith sé i mbun traenála don dúshlán. Tá níos mó na €7,000 bailithe aige go dtí seo agus is féidir síntiús a thabhairt fós ar Facebook. Cuardaigh: Brian's galway2paris Cycle for Croí Heart and Stroke Charity. Maith thú a Bhriain!



## GEARRLIOSTA LEABHAR NA BLIANA

Roghnaíodh leabhar is fiche le deireanaí do ghearrliosta 'Leabhar na Bliana' mair chuid den Oireachtas. Comhghairdeachas ó chroí le chuile theach foilsitheoireachta atá ar ghearrliostaí na bliana seo, go háirithe le **Cló Iar-Chonnacht**, le **Futa Fata** agus le **Leabhar Breac** gnónna atá lonnaithe i gCois Fharraige. Fógrófar na buaiteoirí ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2020.

## FISEÁN NA WATERBOYS SA SPIDÉAL

Seolfar *Good Luck, Seeker* an 14ú albam de chuid na ***Waterboys*** ar an Aoine 21/08. Chaith an grúpa tréimhse ina gcónaí sa Spidéal i 1988 tráth ar thaifead siad an ceol agus na hamhráin don albam *Fisherman's Blues* i dTeach Mór an Spidéil. Cuimhní cinn Mhike Scott, príomh-amhránaí agus ceoltóir an ghrúpa ar an tréimhse sin atá sa dán-amhrán *Postcards from the Celtic Dreamtime* 'ceann de thraiceanna an albaim nua. Beidh físeán ón aer d'Inis Mór i dteannta an albaim. Is iomaí sin cuimhne atá i gceantar an Spidéil go háirid ar an trémhse sin i ndeireadh na n-ochtóidí agus ar na seisiúin cheoil leis na *Waterboys* a bhíodh ar bun tí Hughes.

## PAINÉAL CÚNTÓIRÍ RANGA

Tá **Ealaín na Gaeltachta Teo** ag cur painéal cúntóirí ranga le chéile dóibh siúd a mbeadh suim acu tacú leis na teagascóirí atá i mbun ranganna faoin gclár Cuisle. Seo clár a chuireann ranganna sa gceol traidisiúnta, sna healaíona béil, i ndamhsa agus sa amhránaíocht sean nóis ar fáil i rith agus i ndiaidh am scoile. Má tá suim agat a bheith ar an bpainéal seo, nó le tuilleadh eolais a a fháil faoi déan teagmháil le ealain@udaras.ie nó is féidir glaoch a chur orthu ar 091-503176.




## AR AIS AR SCOIL

Ón Déardaoin seo chugainn ar aghaidh tosóidh os cionn míle dalta as ceantar Chois Fharraige ag filleadh ar a gcuid seomraí ranga. Ba thobann a dúnadh na scoileanna i mí an Mhárta agus ba sciobtha a chuaigh na gasúir agus a gcuid tuismitheoirí i gcleachtadh ar an saol nua leis an scoil ar an teallach acu féin agus na múinteoirí ag bualadh isteach chucu ar an scáileán! Bhí an sé mhí seo caite an-dian orthu ar fad agus de réir na dtuairiscí, is fada leis na gasúir go mbeidh siad ar ais ar an seansaol agus ag casadh go rialta lena gcuid cairde. Tá muintir Chois Fharraige an-bhródúil as an gcaoi ar glacadh leis an athrú saoil agus as an mbealach díograiseach, stuama a thug na gasúir faoin dúshlán. Guíonn muid chuile rath ar an bpobal scoile ar fad!

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

### - TORTHAÍ NA MBAN -

| Faoi 14 Roinn 1 Babhta 3 | |
|---|---|
| Bóthar na Trá | 5-16 |
| Béal Átha na Sluaighe | 1-02 |

| Domhnach 16/08 Idir Mh. | |
|---|---|
| Bearna | 1-14 |
| Naomh Bhreandáin | 2-09 |

| Dé Luain 17/08 Faoi 14 Roinn 2 | |
|---|---|
| An Spidéal | 5-07 |
| Baile Loch Riach | 7-07 |

| Domhnach 16/08 Sóis. B | |
|---|---|
| Naomh Fursey | 4-13 |
| CLG Micheál Breathnach | 4-07 |

| Dé Luain 17/08 Faoi 14 Roinn 3 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 9-08 |
| An Dún Mór | 10-13 |

| Domhnach 16/08 Idir Mh. Peil | |
|---|---|
| Bearna | 1-14 |
| Naomh Bhreandáin | 2-09 |

### - TORTHAÍ NA BHFEAR -

| Dé Luain 10/08 Peil F16 G(A)1 | |
|---|---|
| Cois Fharraige | 1-08 |
| Baile Locha Riach | 3-11 |

| Domhnach 09/08 Iomán G2 | |
|---|---|
| An Spidéal | 0-11 |
| CLG Cill Chon Iarainn | 2-24 |

| Domhnach 09/08 Peil F12 G10 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 1-02 |
| Mainistreach an Thína | 3-03 |

| Domhnach 09/08 Peil F12 G4 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 1-05 |
| Mainistreach an Thína | 0-06 |

| Domhnach 09-08 Peil Sóis A G(A) | |
|---|---|
| CLG Mícheál Breathnach | 4-14 |
| Naomh Ann, Leitir Móir | 3-08 |

| Domhnach 09/08 Iomán. G4 C1 | |
|---|---|
| Bearna/Na Forbacha | 1-06 |
| Bóthar na Trá/Cnoc na C. | 4-11 |

## SÍNTIÚS MHICIL

Comhghairdeachas le Pádraic Ó Griallais ón gcomhlucht **MICIL** a bhronn €4,000 ar Oispís na Gaillimhe le deireanaí, théis dó síntiús €2,000 ó *Allianz* a mheaitseáil.

Thug *Allianz* an síntiús mar aitheantas ar leith do MHICIL don iarracht iontach a rinne siad le tacú leis an bpobal le linn na paindéime. Dúirt Pádraic gur thuig sé go maith go raibh eagraíochtaí ar nós na hoispíse ag fulaingt na laethanta seo agus go raibh sé thar a bheith sásta cúnamh a thabhairt dóibh dá bharr sin.

